# Institiúid Oideachais Marino (IOM)

Agus é spreagtha ag fís na Críostaíochta, pobal teagaisc, foghlama agus taighde is ea IOM atá tiomanta d'ionchuimsiú agus do bharr feabhais san oideachas a chur chun cinn. Is coláiste comhlachaithe de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath é IOM, agus cuireann sé cláir fochéime agus iarchéime san oideachas ar fáil, lena n-áirítear cláir oideachais thosaigh mhúinteoireachta.

Cuireann Bord Rialaithe IOM cuireadh roimh iarratais ó dhaoine ag a bhfuil cáilíochtaí oiriúnacha don phost de

## LÉACHTÓIR PÁIRTAIMSEARTHA SAN OIDEACHAS REILIGIÚNACH TRÍ MHEÁN NA GAEILGE

### CUR SÍOS GINEARÁLTA AR AN bPOST

Is mian le hInstitiúid Oideachais Marino (IOM) Léachtóir Cúnta/Léachtóir san Oideachas Reiligiúnach trí Mheán na Gaeilge a cheapadh ar bhonn páirtaimseartha ó mhí Mheán Fómhair 2025 ar aghaidh. Reáchtálfar agallaimh de réir mar is gá agus beidh stádas gníomhach ag na hiarratais go ceann 12 mhí.

**CÁILÍOCHTAÍ AGUS BUNSCILEANNA RIACHTANACHA**

Ionas go measfar iad don phost seo, beidh an méid a leanas ag teastáil ó iarratasóirí:

a) Cáilíocht iarchéime ábhartha san Oideachas / Oideachas Reiligiúnach ag leibhéal máistreachta agus is fearr ag leibhéal dochtúireachta.
b) Ardchumas sa Ghaeilge.
c) Taithí iomchuí i réimse an oideachais le hinniúlacht léirithe chun cúrsaí d'ardchaighdeán a chur ar fáil ag leibhéal na fochéime agus leibhéal na hiarchéime.
d) Eolas ar fhorbairtí comhaimseartha i réimse leathan an oideachais agus go háirithe san Oideachas Reiligiúnach, agus conas a theagascann múinteoirí an tOideachas Reiligiúnach i gcontanaim an oideachais ó pheirspictíochtaí teoiriciúla agus feidhmeacha araon.
e) Cáilíocht teagaisc, trína bhfuil an t-iarrthóir cáilithe le clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta (Bealach 1 nó Bealach 2).

Ní mór d'iarrthóirí a léiriú go soiléir ina n-iarratais an dóigh a gcomhlíonann siad gach ceann de na réamhriachtanais seo.

**DUALGAIS AGUS FREAGRACHTAÍ**

Áirítear na nithe seo a leanas leis na dualgais:

- Dearadh clár / modúl, léachtóireacht, obair ar ranganna teagaisc, agus measúnú i réimse an Oideachais Reiligiúnaigh le haghaidh clár fochéime, go háirithe léachtaí san Oideachas Reiligiunach, agus sa Teastas Reiligiúnach le múineadh i scoileanna Caitliceacha.
- Forbairt straitéisí nuálacha teagaisc agus foghlama.
- Páirt a ghlacadh sna dualgais / próisis riaracháin ar fad den roinn lena n-áirítear rannpháirtíocht i gcruinnithe na roinne, cruinnithe na hInstitiúide agus cruinnithe de chuid grúpaí eile.
- Bheith i láthair agus páirteach i ngach cruinniú de chuid Chúirt na Scrúdaitheoirí.
- Comhairliúchán leis na mic léinn agus leis an bpobal foghlama níos leithne.
- Seacht dtreoirphrionsabal na n-iontaobhaithe a chur chun cinn.

**EOLAS MAIDIR LE hIARRATAIS, MAIDIR LEIS AN bPRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN AGUS EOLAS GINEARÁLTA EILE.**

Déanfar gearrliostú iarratasóirí a bheidh bunaithe ar cháilíochtaí, ar oiriúnacht agus ar thaithí oibre ábhartha an iarratasóra de réir mar atá sonraithe san iarratas. Ní mór d'iarrthóirí fianaise dhoiciméadach shásúil a chur ar fáil ar oiliúint agus ar thaithí uile arna maíomh acu, más gá.

**IARRATAS A DHÉANAMH**

Déan iarratas le litir chlúdaigh agus CV amháin (ní chuirtear aon fhoirm iarratais speisialta ar fáil), tríd an ríomhphost chuig careers@mie.ie

**Ní mór iarratais chomhlánaithe a bheith faighte faoi 4.00 i.n., Dé Luain 23 Meitheamh 2025.**

Ní bheidh an Institiúid freagrach as costais ar bith, lena n-áirítear speansais taistil, a bhféadfadh iarrthóirí iad a thabhú i ndáil lena n-iarrthóireacht.

*Is fostóir comhdheiseanna í Institiúid Oideachais Marino.*